# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2008*

Marc Iomlán

# Speisialachas Gairmiúil – Cúram Leanaí/Cúram Pobail

(240 marc)

Creidiúint

**Dé Luain, 9 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go 3.30**

## *Treoracha d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO
3. Ba chóir d'iarrthóirí tabhairt faoi **cheithre** cheist san iomlán.
   Ba chóir **gach** ceist a roghnú as roinn **éagsúil**.
   Tá **cúig** roinn sa pháipéar seo.
   Níor chóir d'iarrthóirí tabhairt faoi cheisteanna as níos mó ná **ceithre** roinn.
4. Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

| ***Don Fheitheoir amháin*** | ***Don Scrúdaitheoir amháin*** | | |
|---|---|---|---|
| **Stampa an Ionaid** | 1. | Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| | 2. | Suim iomlán na gceisteanna neamhcheadaithe | |
| | 3. | Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| | 4. | Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| | 5. | Marc iomlán má bronnadh Bónas Gaeilge. (3 móide 4) | |
| | Nóta: Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má bronnadh bónas don Ghaeilge) a bheith comhionann leis an **Marc Iomlán** sa bhosca ar an ngreille ar an bhflapa **agus** ar aghaidh an fhreagarleabhair. | | |

# *Roinn 1 –* **Cúram Naíonán agus Leanaí Óga**

**(Tabhair faoi Cheist 1 <u>nó</u> faoi Cheist 2 má bhíonn tú ag freagairt na roinne seo. Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.)**

**1.** (a) Liostaigh na baill éadaigh riachtanacha a mbíonn gá ag naíonán nuashaolaithe leo. (12 mharc)

(b) Mínigh cén fáth ar rudaí tábhachtacha, ar chóir do thuismitheoir/do chúramaí iad a chur san áireamh, **<u>gach</u>** ceann díobh seo a leanas nuair a bhítear ag ceannach éadaí do naíonán. (16 mharc)

Stíl

Fabraic

Méid

Sábháilteacht

(c) Pléigh cúram éadaí naíonán faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

(12 mharc)

Níochán ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Triomú ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(d) Sceitseáil **agus** lipéadaigh *lipéad cúraim* a d'fhéadfá a fháil ar bhall éadaigh linbh.

(12 mharc)

(e) Conas is féidir costas éadaí leanaí a laghdú (a choinneáil íseal)? (8 marc)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**2.** (a) Liostaigh **<u>ceithre</u>** chomhartha a d'fhéadfadh a chur in iúl nach bhfuil leanbh ar fónamh. (12 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

4. ______________________________

(b) Meaitseáil **<u>gach</u>** tinneas leis na comharthaí sóirt / leis an gcur síos atá ag freagairt dó. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh. (12 mharc)

| **Tinneas** | | **Comharthaí Sóirt / Cur síos** | |
|---|---|---|---|
| 1 | Tochtán | a | Bíonn na céislíní athlasta agus d'fhéadfadh go mbeadh spotaí sórt buíbhán orthu. |
| 2. | Céislínteas | b. | Bíonn ábhar greamaitheach ar an tsúil agus cuma sórt buí ar an sileadh a thagann uaithi. |
| 3. | Toinníteas | c. | Bíonn deacracht anála ann, gearranáil chomh maith le cársán. |
| 4. | Asma | d. | Bíonn an chasachtach garbh agus fuaim ar nós amhastraigh (tafann) uaithi. Bíonn an t-análú glórach. |

1.__________ 2.__________ 3.__________ 4.__________

(c) Ainmnigh agus sceitseáil cineál **<u>amháin</u>** teirmiméadair, déan cur síos air **<u>agus</u>** mínigh conas a úsáidtear é. (12 mharc)

Cineál teirmiméadair

______________________________

Cur síos ar an teirmiméadar

______________________________

______________________________

______________________________

*Sceitse*

Conas a úsáidtear teirmiméadar ______________________________

______________________________

(d) Léirigh le (✓) cé acu ceann díobh seo a leanas arb é gnáth-theocht an choirp é. (4 mharc)

25°C ☐ 37°C ☐ 39°C ☐ 100°C ☐

(e) Cad is *fiabhras* ann? (4 mharc)

(f) Déan cur síos ar ghnáthamh chun aire a thabhairt do leanbh breoite sa bhaile. (16 mharc)

# *Roinn 2* – **Forbairt Leanaí agus Súgradh**

**(Tabhair faoi Cheist 3 <u>nó</u> faoi Cheist 4 má bhíonn tú ag freagairt na roinne seo. Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.)**

**3.** (a) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach súgradh le naíonáin agus le mamailínigh (leanaí an-óg)? (12 mharc)

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

(b) Luaigh **<u>ceithre</u>** rud ba cheart do thuismitheoirí/do chúramaithe a chur san áireamh nuair a bhíonn siad ag ceannach *earraí súgartha* do naíonáin nó do mhamailínigh. (12 mharc)

1. ______________________________________
2. ______________________________________
3. ______________________________________
4. ______________________________________

(c) Taispeántar earraí súgartha do naíonáin nó do mhamailínigh anseo thíos.
Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfaí **<u>gach</u>** earra súgartha a úsáid **<u>agus</u>** ar an gcaoi a gcabhraíonn **<u>gach</u>** ceann le forbairt an naíonáin nó an mhamailínigh. (24 mharc)

<table>
<tr><td>1.<br><br>Brat súgartha</td><td>Bealaí a bhféadfaí an t-earra súgartha a úsáid _____<br>______________________<br>______________________<br>______________________<br>______________________</td></tr>
<tr><td colspan="2">An chaoi a gcabhraíonn an t-earra súgartha leis an bhforbairt ______________<br>______________________<br>______________________</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **2.**<br><br>*Tollán Gníomhaíochta* | Bealaí a bhféadfaí an t-earra súgartha a úsáid ______<br>________________________________________<br>________________________________________<br>________________________________________ |
| An chaoi a gcabhraíonn an t-earra súgartha leis an bhforbairt ____________<br>________________________________________<br>________________________________________ | |

| | |
|---|---|
| **3.**<br><br>*Siúlóir* | Bealaí a bhféadfaí an t-earra súgartha a úsáid ______<br>________________________________________<br>________________________________________<br>________________________________________ |
| An chaoi a gcabhraíonn an t-earra súgartha leis an bhforbairt ____________<br>________________________________________<br>________________________________________ | |

(d) Cuir na céimeanna seo a leanas a bhaineann le *forás na mínluaile* san ord cuí ag tosú leis an gcéim forbartha is túisce.
Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh. (12 mharc)

| | **Forás na Mínluaile** |
|---|---|
| a. | Beireann ar nithe beaga leis an ordóg agus leis an gcorrmhéar |
| b. | Bíonn na lámha oscailte nó leathdhúnta |
| c. | Bíonn na lámha dúnta |
| d. | Beireann greim láimhe ar nithe a mbaineann sé/sí leo. |

1. __________ 2. __________ 3. __________ 4. __________

**4.** (a) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach léamh do leanaí óga? (12 mharc)

(b) Luaigh **ceithre** rud ba chóir do thuismitheoir/do chúramaí a chur san áireamh agus é/í ag roghnú leabhar do leanaí óga. (12 mharc)

1.

2.

3.

4.

(c) Pléigh, faoi **gach** ceann de na ceannteidil thíos, an chaoi a bhféadfadh tuismitheoir/cúramaí a chinntiú gur eispéireas compordach taitneamhach an léitheoireachta do leanbh. (12 mharc)

Suíomh ina léitear an scéal.

Rannpháirtíocht an linbh

(d) Luaigh teideal leabhair scéalaíochta **amháin** atá oiriúnach do leanbh óg. (4 mharc)

(e) Sainaithin **dhá** shlí a bhféadfaí puipéid mhéire a úsáid agus scéal á insint chun go mbeadh sé níos spéisiúla do leanbh. (12 mharc)

| | |
|---|---|
| <br>*Puipéid Mhéire* | 1. ____________________<br>____________________<br>____________________<br>2. ____________________<br>____________________<br>____________________ |

(f) Sainaithin **dhá** ghníomhaíocht eile do leanaí a bhféadfaí puipéid mhéire a úsáid iontu. (8 marc)

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________

# *Roinn 3 –* **Tuismitheoireacht agus Soláthar Cúraim**

**(Tabhair faoi Cheist 5 <u>nó</u> Cheist 6 má bhíonn tú ag freagairt na roinne seo. Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.)**

**5.** (a) Sainaithin **<u>ceithre</u>** shlí inar féidir le lánúin ullmhú do thoircheas sláintiúil.
(12 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

4. ______________________________

(b) Mínigh an téarma *coimpeart*. (8 marc)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(c) Mínigh an chaoi ina ndéantar dáta breithe a ríomh nuair a bhíonn naíonán le saolú.
(8 marc)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(d) Comhlánaigh **<u>gach</u>** ceann de na ráitis seo a leanas. Líon isteach uimhir na seachtainí atá ar iarraidh: (8 marc)

1. Is é gnáth-thréimhse toirchis ná __________ seachtaine.

2. Naíonán a shaolaítear roimh ___________ seachtaine, bíonn sé/sí roimh am.

(e) Meaitseáil **gach** céim i bhfás agus i bhforás an naíonáin sa bhroinn leis an tseachtain a fhreagraíonn dóibh le linn an toirchis.
Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh. (12 mharc)

| | **Céimeanna fáis agus foráis an naíonáin sa bhroinn** |
|---|---|
| a. | Is féidir leis an bhféatas slogadh, púic a chur air féin, a dhorn a dhúnadh agus corraí trína cheann a chasadh agus ciceáil. |
| b. | Bíonn an suth ar nós torbáin le heireaball agus le codanna a bhfuil cosúlacht geolbhach orthu. |
| c. | Bíonn cuma níos daonnaí ar an suth agus tugtar féatas air. Tá na príomhorgáin ag forbairt agus is féidir frithbhualadh an chroí a fheiceáil ar ultrafhuaim. |
| d. | Bíonn an naíonán ina luí de ghnáth lena c(h)loigeann anuas agus ullamh le haghaidh breithe, |
| e. | Tá an fhorbairt nach mór i gcrích. Tá an naíonán ag dul i méid agus i neart. |
| f. | Is féidir leis an máthair gluaiseachtaí a bhrath anois ina broinn. Is féidir frithbhualadh an chroí a chloisteáil agus bíonn an féatas clúdaithe le gruaig mhín. |

| | |
|---|---|
| Seachtain 6 _________ | Seachtain 20 _________ |
| Seachtain 9 _________ | Seachtain 28 _________ |
| Seachtain 14 _________ | Seachtain 32 _________ |

(f) Sainaithin **trí** chomhartha a thaispeánann go bhfuil an bhean i dtús tinneas clainne (luí seoil). (12 mharc)

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

3. ______________________________________________

______________________________________________

**6.** (a) Déan cur síos ar **cheithre** chineál éagsúla seirbhísí /socruithe cúraim do leanaí atá ar fáil do thuismitheoirí. (12 mharc)

1. ______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________

3. ______________________________

______________________________

______________________________

4. ______________________________

______________________________

______________________________

(b) Sainaithin **ceithre** rud ba chóir do thuismitheoirí a chur san áireamh agus iad ag roghnú socrú/seirbhís cúraim do leanaí le haghaidh a linbh féin. (12 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

3. ______________________________

______________________________

4. ______________________________

______________________________

(c) Ainmnigh cáilíocht **amháin** a bhaineann le cúram do leanaí. (4 mharc)

______________________________

(d) Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** dhúshlán a d'fhéadfadh a bheith ann do thuismitheoirí agus leas á bhaint acu as socrú/seirbhís cúraim do leanaí. (12 mharc)

Buntáistí

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

Dúshláin

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

(e) Sainaithin **dhá** ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ar leanbh trí bliana agus é/í ag fáil cleachtaidh den chéad uair ar shocrú/sheirbhís nua do leanaí. (8 marc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

(f) Déan cur síos ar **dhá** shlí phraiticiúla ina bhféadfadh tuismitheoir leanbh trí bliana a ullmhú le haghaidh socrú/seirbhís nua cúraim do leanaí. (12 mharc)

1. ______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

# *Roinn 4 –* **Daoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu**

**(Tabhair faoi Cheist 7 <u>nó</u> Cheist 8 má bhíonn tú ag freagairt na roinne seo. Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.)**

**7.** (a) Cén fáth ar chóir d'fhostóir cuimhneamh ar dhuine a bhfuil míchumas air/uirthi a fhostú? (8 marc)

(b) Mol **<u>dhá</u>** shlí ina bhféadfadh fostóirí níos mó iarratas a mhealladh ó dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Bíodh tagairt agat do **<u>gach</u>** ceann díobh seo a leanas: (16 mharc)

Fógraí le haghaidh post

1.

2.

Foirmeacha iarratais

1.

2.

(c) Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh fostóirí a gcuid láithreacha oibre a dhéanamh níos éasca do dhaoine a bhfuil míchumais orthu i **<u>ngach</u>** ceann de na réimsí seo a leanas: (36 mharc)

1. Páirceáil

2. Bealaí isteach chuig foirgnimh

3. Troscán don oifig agus don láthair fáiltithe

4. Leithris

5. Comharthaí/fógraí

6. Ceaintíní féinseirbhíse

**8.** (a)

***Tá teaghlach le beirt dhéagóirí ag pleanáil laethanta saoire don samhradh. Úsáideann déagóir amháin díobh cathaoir rothaí.***

Tabhair breac-chuntas ar na rudaí ba cheart do theaghlach a chur san áireamh nuair a bhíonn siad ag pleanáil na saoire faoi na ceannteidil seo a leanas: (32 mharc)

1. Cineál saoire

2. Socruithe iompair

3. Lóistín

4. Gníomhaíochtaí

(b) Sainaithin **trí** fhoinse eolais a bhféadfadh an teaghlach eolas a fháil uathu agus an tsaoire á pleanáil acu. (12 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

(c) Tá an déagóir ag cuimhneamh ar chathaoir rothaí leictreach a cheannach sula dtéann sé/sí ar saoire.
Sainaithin buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le cathaoir rothaí láimhe, chomh maith le buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le cathaoir rothaí leictreach. (16 mharc)

Cathaoir rothaí láimhe

Buntáiste ______________________________

______________________________

______________________________

Míbhuntáiste ______________________________

______________________________

______________________________

Cathaoir rothaí leictreach

Buntáiste______________________________

______________________________

______________________________

Míbhuntáiste______________________________

______________________________

______________________________

## *Roinn 5 –* **Seanóirí**

**(Tabhair faoi Cheist 9 nó Cheist 10 má bhíonn tú ag freagairt na roinne seo. Tá 60 marc ag gabháil le do gach ceist.)**

**9.** (a) Mínigh an téarma *ag foghlaim ar feadh do shaoil.* (8 marc)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** chúis a bhféadfadh sé leas duine níos aosta a dhéanamh a bheith rannpháirteach i ranganna oideachais do dhaoine fásta. (12 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

3. ______________________________

______________________________

4. ______________________________

______________________________

(c) Luaigh **dhá rud** a d'fhéadfadh duine níos aosta *a spreagadh* chun freastail ar ranganna oideachais do dhaoine fásta. (8 marc)

1. ______________________________
2. ______________________________

(d) Luaigh **dhá** rud a d'fhéadfadh *drochmhisneach* nó bac a chur ar dhuine níos aosta maidir le freastal ar ranganna oideachais do dhaoine fásta. (8 marc)

1. ______________________________
2. ______________________________

(e) Sainaithin **dhá** shlí, seachas freastal ar ranganna oideachais do dhaoine fásta, ina bhféadfadh duine níos aosta cur lena chuid eolais nó scileanna i réimse ar leith. (8 marc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

(f) Pléigh an chaoi inar féidir le daoine atá ar scor ón obair an t-eolas, na scileanna agus an taithí atá faighte acu le linn a saol oibre a roinnt lena bpobal áitiúil féin. (12 mharc)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(g) Ainmnigh eagraíocht **amháin** a chuireann rannpháirtíocht daoine níos aosta i gcúrsaí oideachais chun cinn. (4 mharc)

______________________________

**10.** (a) Mínigh an téarma *aiste bia chothromaithe.* (8 marc)

(b) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhfuil aiste bia chothromaithe tábhachtach do dhaoine níos aosta. (12 mharc)

1.

2.

3.

(c) Sainaithin **ceithre** rud a d'fhéadfadh *cosc a chur* ar dhuine níos aosta aiste bia chothromaithe a ithe. (12 mharc)

1.

2.

3.

4.

(d) Pléigh na ceisteanna sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist do dhaoine níos aosta nuair a bhíonn siad ag ullmhú agus ag cócaráil béilí. (16 mharc)

(e) Déan cur síos ar an tseirbhís a sholáthraíonn *béilí ar rothaí.* (12 mharc)

Luaigh **dhá** bhuntáiste de chuid na seirbhíse seo.

1.

2.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

| *Don scrúdaitheoir amháin* | |
|---|---|
| **Ceist** | **Marc** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| **Iomlán** | |
| **Bónas don Gaeilge** | |
| **Marc Iomlán** | |